Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2019
(OR. en)**

**11257/19**

**ELARG 35
CFSP/PESC 603
RELEX 726
NT 7**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Iúil 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11173/19 |
| Ábhar: | Gníomhaíochtaí druileála na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaí druileála na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 15 Iúil 2019.

## CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ DRUILEÁLA NA TUIRCE SA MHEÁNMHUIR THOIR

1. Ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 agus na conclúidí éagsúla a ghlac an Chomhairle Eorpach roimhe seo, go háirithe iad siúd ar an 20 Meitheamh 2019, is olc leis an gComhairle, in ainneoin achainí atá déanta ag an Aontas Eorpach arís is arís eile uirthi chun deireadh a chur lena cuid gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sa Mheánmhuir Thoir, gur lean an Tuirc dá hoibríochtaí druileála ar an taobh thiar den Chipir agus gur sheol sí an dara hoibríocht druileála soir ó thuaidh ón gCipir laistigh d'uiscí teorann na Cipire. Cuireann an Chomhairle i dtreis an iarmhairt thromchúiseach dhiúltach atá ag na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sin ar gach cuid den chaidreamh idir an tAontas agus an Tuirc. Iarrann an Chomhairle arís ar an Tuirc staonadh ó ghníomhaíochtaí den sórt sin, gníomhú de mheon na dea-chomharsanachta agus lánurraim a thabhairt do cheannasacht agus do chearta ceannasachta na Cipire i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

2. Tugann an Chomhairle dá haire, ag cur fáilte roimh an iarraidh ó Rialtas na Cipire dul i mbun caibidlíochta leis an Tuirc, gur cheart aghaidh a thabhairt ar an teorannú ar limistéir eacnamaíocha eisiacha agus an scairbh ilchríochach, trí idirphlé agus trí chaibidlíocht de mheon macánta, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán agus i gcomhréir le prionsabal an dea-chaidrimh idir comharsana.

3. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí do thacú le hiarrachtaí atá ar bun faoi stiúir na Náisiún Aontaithe de bheith ag obair leis na páirtithe d'fhonn na dálaí oiriúnacha a chruthú chun tús a chur athuair leis an gcaibidlíocht maidir le réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire. Maidir leis sin, meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí go bhfuil an Tuirc tiomanta don réiteach sin agus go rannchuidíonn sí leis, lena n-áirítear na gnéithe seachtracha a bhaineann leis, laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe agus leis an *acquis*.

4. I bhfianaise go bhfuil an Tuirc ag leanúint leis na gníomhaíochtaí druileála neamhdhleathacha sin agus le gníomhaíochtaí druileála neamhdhleathacha nua, cinneann an Chomhairle an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Cuimsitheach Aeriompair a chur ar fionraí agus comhaontaíonn sí gan an Chomhairle Comhlachais ná tuilleadh cruinnithe i ndáil leis an idirphlé ardleibhéil idir an tAontas agus an Tuirc a thionól de thuras na huaire. Tacaíonn an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún an cúnamh réamhaontachais don Tuirc a laghdú do 2020 agus iarrann sí ar Bhanc Eorpach Infheistíochta a chuid gníomhaíochtaí iasachtaithe sa Tuirc a athbhreithniú, go háirithe a mhéid a bhaineann le hiasachtaí ceannasacha.

5. Tá an Chomhairle tiomanta don ábhar i gcónaí agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Meitheamh, iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair ar roghanna bearta spriocdhírithe toisc go bhfuil an Tuirc ag leanúint uirthi de na gníomhaíochtaí druileála i réigiún na Meánmhara Thoir. Déanfaidh an Chomhairle dlúthfhaireachán ar fhorbairtí agus rachaidh sí i muinín na saincheiste sin de réir mar is cuí.